# Uimhreas: Codáin – Moltaí don fhoghlaim sa bhaile

## Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach foghlaim faoi chodáin?

Is cuid ríthábhachtach den mhatamaitic iad codáin. Tacaíonn tuiscint ar chodáin le rannpháirtíocht agus tuiscint níos doimhne ar go leor réimsí eile den mhatamaitic, amhail sonraí, am, airgead, tomhas, srl. Feicimid agus úsáidimid codáin i rith ár saolta laethúla, m.sh., *in oidis, nuair a insítear an t-am, agus nuair a bhímid ag siopadóireacht sna díolacháin*. Is féidir codáin a léiriú ar go leor bealaí éagsúla, agus ba cheart na páistí a spreagadh chun na léirithe seo a fhiosrú agus iniúchadh a dhéanamh orthu. Cé gur féidir úsáid a bhaint as tacair rialacha agus nósanna imeachta a fhoghlaim chun fadhbanna codáin a réiteach, tá sé níos tábhachtaí go n-aithníonn agus go gcuireann páistí a dtuiscint ar chodáin i bhfeidhm i gcomhthéacsanna éagsúla.

### SMAOINTE CHUN TACÚ LEIS AN BHFOGHLAIM

- Labhair le do pháiste faoin áit a bhfeicimid codáin sa saol laethúil, m.sh., *barraí seacláide, píotsaí, cloig, nuachtáin, srl.*
- Bíodh do pháiste páirteach i ngníomhaíochtaí cócaireachta agus codáin in úsáid agaibh, m.sh., *taispeáin dom leath an phíotsa, an féidir leat an cáca a ghearradh ina cheathrúna?*
- Fiosraigh codáin mar chuid d'iomlán, m.sh., *tá ceithre phláta ar an mbord, tá trí phláta bán agus ceann amháin gorm, cén chaoi a bhféadfaimis é seo a thaispeáint agus codáin in úsáid?*
- Déan iniúchadh ar chodáin ag baint úsáid as dóchúlachtaí, m.sh., *chaith mé bonn ceithre huaire, tháinig ceann in airde faoi dhó agus cruit faoi dhó, cén chaoi a bhféadfainn é seo a léiriú i bhfoirm chodáin?*
- Fiosraigh codáin trí chomhroinnt, m.sh., *tá barra seacláide amháin againn (gearrtha in 8 gcearnóg) agus 4 dhuine, cén codán den bharra seacláide iomlán a gheobhaidh gach duine?*
- Déan comparáid idir tomhais timpeall an tí le haghaidh imscrúduithe breise ar chodáin, m.sh., *tá fad an bhoird ocht n-oiread níos faide ná fad an leabhair, ciallaíonn sé sin go bhfuil fad an leabhair 1/8 d'fhad an bhoird.*
- Seo a leanas cluichí gluaisteáin ina bhfuil codáin:
  Déan meastachán ar an am a thógfaidh sé ceann scríbe a bhaint amach agus tiontaigh ina chodáin é, m.sh., *más é 3:30 PM an t-am mheastar a bhainfear ceann scríbe amach agus gurb é 2:15 PM an t-am faoi láthair, iarr ar na páistí an codán a ríomh d'uair an chloig atá fágtha go dtí go mbainfear ceann scríbe amach (1 uair agus 15 nóiméad, nó 1 ¼ uair an chloig).*
- Coinnigh taifead ar an bhfad a taistealaíodh i gcodáin.
- Bíodh do pháistí rannpháirteach maidir le codán den bhreosla a úsáidtear nó a fhanann san fheithicil a ríomh.




### LEABHAIR

- *All the Little Ones and a Half!*, Mary Murphy, 5+ bliana d'aois
- *Jump, Kangaroo, Jump!*, Stuart J. Murphy, 7+ mbliana d'aois
- *Sir Circumference gets Decima's Point*, Cindy Neuschwander, 7+ mbliana d'aois
- *The Grizzly Gazette*, Stuart J. Murphy, 7+ mbliana d'aois
- *The Multiplying Menace Divides*, Pam Calvert, 9+ mbliana d'aois
- *Fractions in Disguise*, Edward Einhorn, 9+ mbliana d'aois
- *Multiplying Menace: The Revenge of Rumpelstiltskin*, Pam Calvert, 9+ mbliana d'aois
- *Sir Cumference and the Fracton Faire*, Cindy Neuschwander, 9+ mbliana d'aois
- *Pythagoras and the Ratios*, Julie Ellis, 9+ mbliana d'aois

**Cuireann do leabharlann áitiúil réimse leathan leabhar agus acmhainní ar fáil saor in aisce a thacaíonn le foghlaim mhatamaiticiúil na bpaistí a fhorbairt*

### CLUICHÍ / GNÍOMHAÍOCHTAÍ

- Cé atá in ann an codán is mó a chruthú? Rollaigh dhá dhísle, bíodh an uimhir is lú ina huimhreoir agus an uimhir is mó ina hainmneoir. Imir i ngrúpaí agus féach cé a chruthaíonn an codán is mó. Má rolltar an uimhir chéanna faoi dhó as a chéile, ciallaíonn sé sin gur fiú 1 aonad iomlán an codán i. 2/2. = 1.
- Biongó Codáin
- Snap Codáin
- Cleas Bacóide na gCodán
- Cruthaigh do bhalla codáin féin
- Bíodh picnic agat ag baint úsáid as codáin, m.sh, *ceathrú banana, leathchíste seacláide, srl.*


## AG FOGHLAIM AR LÍNE

- Help My Kid Learn www.helpmykidlearn.ie
- Scoilnet https://www.scoilnet.ie/ga/bunscoil/theme-pages/mathematics/
- Seachtain Mhatamaitice na hÉireann – Zón na dTuismitheoirí www.mathsweek.ie
- Maths Eyes https://haveyougotmathseyes.com/

***Téarmaí úsáideacha le cuardach ar líne:*** *codáin, uimhreas, foghlaim, bunscoil, matamaitic, coibhéis, codáin a thiontú, deachúlacha, céatadáin, cóimheasa, cluichí, gníomhaíochtaí*

## EALAÍONA AGUS CEARDAÍOCHT

- Cruthaigh stiallghreannán trí leathanach a roinnt ina chodanna cothroma, m.sh., *leatha, ceathrúna, ochtuithe*.
- Dear agus cruthaigh píotsa ag baint úsáid as plátaí páipéir, taispeáin an chaoi ar féidir an píotsa seo a roinnt idir líon éagsúla aíonna.
- Dear agus cruthaigh cluiche ag baint úsáid as codáin mar chóras scórála.
- Déan cártaí biongó codáin.
- Dear patrúin gheoiméadracha ar pháipéar dubh:
    - Gearr amach réimse cruthanna 2T ag baint úsáid as páipéar daite éagsúil (cearnóg dhearg, ciorcal buí, srl.)
    - Gearr na cruthanna seo ina gcodáin éagsúla, mar shampla, gearr an chearnóg ina ceathrúna agus na ciorcail ina leatha
    - Socraigh na codanna codánacha seo i do phatrún geoiméadrach féin.




20%

---

45%



## DO CHUID SMAOINTE FÉIN





Arna fhorbairt i gcomhar le **Luke Sweeney, Múinteoir Bunscoile, Co. Chill Dara**